



## **Sláinte Náisiúnta Leanaí Sláinte Phoiblí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.**

<b>CHUIG:</b>	Gach Seirbhís um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige
<b>Ó:</b>	An Dr. Abigail Collins, Comhairleach um Míochaine Sláinte Poiblí, Ceannasaí Cliniciúil Náisiúnta um Shláinte Leanaí agus Sláinte Phoiblí An Dr. Eamonn O'Moore, Stiúrthóir um Chosaint Sláinte Náisiúnta
<b>MAIDIR LE:</b>	Nuashonrú Sláinte Phoiblí ó RSS - Ardú suntasach ar ionfhabhtaithe RSV/Bronchiolitis i leanaí óga
<b>DÁTA:</b>	14 Samhain 2023

---

Is minic a fheicimid méadú mór ar ionfhabhtuithe i measc leanaí, daoine óga agus daoine fásta sa gheimhreadh.

### **Méadú suntasach ar ionfhabhtuithe RSV**

Tá tugtha faoi deara againn, faoi láthair, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon an víreas RSV, ionfhabhtú víreasach coitianta geimhridh.

### **Siomptóim tipiciúla de RSV**

Go hiondúil, tá na siomptóim a bhaineann le hionfhabhtuithe víreasacha, lena n-áirítear RSV:

- srón rite nó blocáilte
- fiabhras éadrom
- casacht
- táimhe (tuirse)

Is féidir cúram a thabhairt go sábháilte sa bhaile do leanaí a bhfuil ionfhabhtuithe víreasacha orthu, lena n-áirítear RSV. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag <https://www2.hse.ie/conditions/bronchiolitis/>. Mar sin féin, i naíonán agus leanaí óga (go háirithe iad siúd faoi 5 bliana d'aois), féadann bronchiolitis deacrachtaí níos suntasaí a bheith ann maidir le anáilthe agus beathú. Is mó an seans go mbeidh cúram ospidéal de dhíth ar naíonán agus ar leanaí óga. Tá tuilleadh sonraí maidir le cathain ba cheart leat cabhair a fháil do do leanbh, a bhfuil bronchiolitis air/uirthi, le fáil anseo: <https://www2.hse.ie/conditions/bronchiolitis/>

## Teachtaireachtaí tábhachtacha do theaghlaigh agus do leanaí maidir le ionfhabhtuithe *de chineál ar bith*:

- 1) **Is é an beart is tábhachtaí ná fanacht amach ó Seirbhís um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus gníomhaíochtaí nuair atá do leanbh tinn.**

Seans maith go mbeidh sróna de roinnt mhaith leanaí ag sileadh nó go mbeidh casacht bheag orthu i rith an gheimhridh. Mar sin féin, má tá leanbh ag mothú tinn, ba chóir dóibh fanacht sa bhaile. Mar shampla, má tá fiabhras, casacht, agus a srón ag sileadh iontu, ba chóir don leanbh fanacht amach ó Seirbhís um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige agus gníomhaíochtaí eile go dtí go mbeidh biseach air nó uirthi.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag: <https://www2.hse.ie/conditions/colds-coughs-children/>

**Is mó an seans go bhfaighidh leanaí, a bhfuil ionfhabhtú orthu cheana féin, ionfhabhtú eile** agus d'fhéadfadh go n-éireoidh siad níos suntasaí tinn. Mar sin, má fhanann do leanbh sa bhaile agus é/í tinn, cosnóidh tú do leanbh ó víris eile a d'fhéadfadh a bheith i gcúrsaíocht freisin.

Chomh maith leis sin, **is mó an seans go scaipfidh leanaí a bhfuil siomptóim orthú ionfhabhtuithe.** Má fhanann an leanbh sa bhaile agus é/í tinn, cabróidh sé seo le stop a chur le leathadh ionfhabhtuithe chuig leanaí eile, teaghlaigh eile, nó baill. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i mbunscoileanna ina bhféadfadh leanaí eile a bheith ag freastal ar an rang a bhfuil siblíne agus leanaí níos óige acu sa bhaile.

D'fhéadfadh casacht leanúnach a bheith ag leanaí a raibh bronchiolitis orthu tar éis ionfhabhtú agus d'fhéadfadh an casacht maireachtáil ar feadh cúpla seachtain. Nuair a bheidh an fiabhras agus aon siomptóm eile críochnaithe, níor cheart iad a eisiámar mar gheall ar an casacht leanúnach seo amháin.

### **Foireann:**

Má tá aon bhall den fhoireann tinn, níor cheart dóibh freastal go dtí go mbeidh a gcuid siomptóim réitithe.

D'fhéadfadh sé nach mbeadh leanaí níos sine agus daoine fásta an-tinn le RSV, ach is féidir le leanaí agus leanaí óga éirí an-tinn leis an ionfhabhtú. Mar sin, tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar na hidirghníomhaíochtaí a bhíonn ag leanaí níos sine / daoine fásta le leanaí laistigh de do sheirbhís.

### **2) Bearta coiscthe agus rialaithe ionfhabhtuithe**

- Clúdaigh do bhéal agus tú ag casacht agus ag sraothartach
- Coinnigh do lámha glan

Go leor de na bearta ar éiríomar cleachta orthu le linn COVID-19, tá siad chomh tábhachtach céanna anois. Ba cheart gach duine a spreagadh chun bearta sláinteachais a dhéanamh. Cuidíonn na bearta seo le scaipeadh an ionfhabhtaithe a stopadh.

### **3) Vacsaíniú**

Déan cinnte de go bhfuil na vacsaíní **go léir** atá molta faighte ag do leanbh:

- cosnóidh siad do leanbh in aghaidh ionfhabhtú agus

- ní bheidh an riosca céanna ann go mbeidh sé nó sí tinn má thagann ionfhabhtú air nó uirthi

Na vacsaíní a thugtar do leanaí agus iad óg, tugann siad cosaint dóibh in aghaidh roinnt mhaith

ionfhabhtuithe suntasacha, idir víreasach agus bhaictéarach. Tá tuilleadh eolais le fáil ag

<https://www2.hse.ie/babies-children/vaccines-your-child/>

Níl aon vacsaín ar fáil go rialta faoi láthair in aghaidh ionfhabhtú RSV; ach tá vacsaíní ar fáil don fhliú agus Covid-19 agus moltar iad.

### **An vacsaín fliú**

Tá an vacsaín fliú - sprae sróine - ar fáil do leanaí idir 2 agus 12 bhliain d'aois. Cuidíonn sé le cosaint a dhéanamh i gcoinne ionfhabhtú tromchúiseach leis an bhfliú agus é a scaipeadh ar aghaidh.

Tá tuilleadh eolais le fáil ag: <https://www2.hse.ie/conditions/flu/childrens-flu-vaccine/>

Moltar freisin do dhaoine fásta vacsaín an fhliú a fháil. Tá tuilleadh eolais le fáil ag

[www2.hse.ie/conditions/flu/getting-the-vaccine/](http://www2.hse.ie/conditions/flu/getting-the-vaccine/)

Moltar vacsaíniú le haghaidh Covid-19 go háirithe do leanaí a bhfuil córais imdhíonachta laga acu

[www2.hse.ie/screening-and-vaccinations/covid-19-vaccine/get-the-vaccine/children/](http://www2.hse.ie/screening-and-vaccinations/covid-19-vaccine/get-the-vaccine/children/)